

# An Fiosraitheoir

## TASC 1: AG FIOSRÚ FOCAL


- I bparagraf 2 aimsigh an focal atá ar comhchiall le **sultmhar**.
- Cad é an focal i bparagraf 4 atá contrártha le **iontach furasta**?
- Tá an focal **mór** i bparagraf 2. Roghnaigh an leagan ceart de san abairt seo thíos:  
*Is é sin an t-athrú is \_\_\_\_\_ agus is measa a tharla.*  
(a) móra                      (b) mó                      (c) mór
- Cad é mar a chuireann tú síos ar abairt mar seo a leanas?  
*Rugadh Anne Frank sa bhliain 1929.*  
(a) Is fíric í                      (b) Is barúil í                      (c) Is bréag í
- Fiosraigh an frása **caitheadh go holc leis** i bparagraf 3. Cuir in abairt de do chuid féin é.
- Cuir an foncaíocht chuí isteach san abairt seo thíos:  
*cad é atá muid ag dul a dhéanamh anois arsa ane lena hathair nuair a chuala sí na naitsithe ag briseadh isteach an dorais*

## TASC 2: AG FIOSRÚ FEASA

- Déan achoimre ar an téacs seo.
- Cad é eile ba mhaith leat a fháil amach faoi Anne Frank?
- Cad é a spreag Anne Frank lena dialann a scríobh, do bharúil?
- Samhlaigh go bhfuil tú in áit Anne. Scríobh dialann a chuireann síos ar na rudaí a tharla ar lá áirithe.



# TAISCE TUISCEANA



Anne Frank

# Anne Frank

Ba Ghiúdach óg í Anne Frank a chaith an chuid is mó dá saol gairid san Ísiltír, ach a rugadh sa bhliain 1929 sa Ghearmáin. Bhí ceathrar ar fad ina teaghlach – Edith (Mamaí), Otto (Daidí), Margot (deirfiúr) agus Anne í féin. Ní raibh rud ar bith speisialta faoi shaol Anne ag an tús agus í ag fás aníos. Bhí dúil mhór aici ina rothar agus i leabhair, cosúil le go leor páistí óga eile.

Ar an drochuair, tháinig athrú **mór** ar shaol deas pléisiúrtha Anne nuair a bhí sí trí bliana d'aois. Bhí Adolf Hitler i mbun na Gearmáine agus bhí arm mór láidir aige darbh ainm na Naitsithe. Bhí fuath ag na Naitsithe ar na Giúdaigh. Bhí teaghlach Anne imníoch agus bhí eagla a mbáis orthu roimh na Naitsithe. Mar gheall air sin, chuaigh siad a chónaí san Ísiltír mar shíl siad go mbeadh siad slán sábháilte ansin.

Thosaigh an Dara Cogadh Domhanda ansin sa bhliain 1939, agus nuair a mháirseáil na Naitsithe isteach san Ísiltír, ghlac siad seilbh ar an tír. Ghabh siad cuid mhór de na Giúdaigh agus chuir isteach i 'gcampaí oibre' iad. **Caitheadh go holc leis** na Giúdaigh sna campaí sin agus fuair na milliúin acu bás iontu sa deireadh.



Ní raibh a fhios ag teaghlach Anne cad é ba chóir dóibh a dhéanamh mar bhí sé rómhall acu éalú ón Ísiltír. Mar sin de, shocraigh siad ar dhul i bhfolach i dteach cairde dá gcuid in Amstardam. Chuaigh siad i bhfolach i seomra

beag rúnda sa teach agus d'fhan siad ansin go dtí chóir a bheith deireadh an chogaidh. Níor fhág Anne an teach ar eagla go bhfaigheadh na Naitsithe greim uirthi nó ar dhuine eile dá teaghlach. Chaith an teaghlach dhá bhliain ar fad ann. Bhí saol an-leadránach agus an-deacair acu ansin. Ach le linn an ama sin, thosaigh Anne ag scríobh dialainne.



Bhí gach rud go maith go dtí mí Lúnasa 1944 nuair a fuair na Naitsithe amach cá raibh teaghlach Anne ina gcónaí. Chuaigh na Naitsithe díreach chuig an teach, bhris siad isteach doras an tseomra agus rug siad greim ar Anne agus ar a teaghlach. Ghabh siad an teaghlach agus chuir chuig 'campa oibre' iad. Fuair Anne bás sa champa i mí an Mhárta 1945 leis an ghalar tífeas agus í cúig bliana déag d'aois. Fuair a deirfiúr, Margot, bás an tseachtain chéanna.

Nuair a tháinig deireadh leis an chogadh in 1945, ní raibh ach duine amháin de theaghlach Anne beo go fóill, ba é sin a hathair, Otto. Ba é Otto a tháinig ar dhialann Anne tamall ina dhiaidh sin. Shíl sé a mhór den dialann agus rinne sé socrú í a chur i gcló. **Tugadh Anne Frank: Dialann Cailín Óig** mar theideal ar an leabhar sin. Tá sé anois ar na leabhair is clúití ar domhan, agus an raibh a fhios agat go bhfuil sí ar fáil i nGaeilge fosta?

# Ceisteanna

1. Cén tír inár rugadh Anne Frank?  
(a) San Ísiltír  
(b) Sa Ghearmáin  
(c) In Iosrael
2. Cad é ba chúis leis an athrú mhór a tháinig ar shaol Anne?  
(a) Bhí uirthi dul ar scoil  
(b) Chaill a hathair a phost  
(c) Bhí na Naitsithe sa Ghearmáin
3. Cad chuige ar fhág teaghlach Anne an Ghearmáin?  
(a) Bhí eagla orthu roimh na Naitsithe  
(b) Bhí an bia níos fearr san Ísiltír  
(c) Ní raibh obair ar bith le fáil sa Ghearmáin
4. Cad chuige a ndeachaigh teaghlach Anne i bhfolach in Amstardam?  
(a) Ní raibh Anne ag iarraidh dul ar scoil  
(b) Ní raibh airgead ar bith acu  
(c) Bhí siad ag iarraidh dul i bhfolach ar na Naitsithe
5. Cén aidiacht is fearr a chuireann síos ar na Naitsithe?  
(a) Cineálta  
(b) Scanrúil  
(c) Míshláintiúil
6. Cén sórt saoil a bhí ag an teaghlach agus iad i bhfolach, do bharúil?  
(a) Thaitin sé go mór leo  
(b) Bhí saol iontach deacair acu  
(c) Níor mhiste leo an saol s'acu
7. Cén paragraf ina bhfuil an t-údar ag caint ar dheireadh a bheith le saol rúnda theaghlach Anne?  
(a) Paragraf 4  
(b) Paragraf 5  
(c) Paragraf 6
8. Tá an briathar **tugadh** sa pharagraf dheireanach:  
(a) san aimsir fháistineach.  
(b) san aimsir láithreach.  
(c) san aimsir chaite.
9. Cad é atá sa téacs seo?  
(a) Eolas faoi shaol duine  
(b) Treoracha  
(c) Scéal deas

